# Leabhrán: Curaclam éiritheach atá bunaithe ar fhiosrú a fhorbairt

## Naisc le *hAistear* agus le *Síolta*

***Aistear***

*Téamaí*: *Folláine agus Leas*, *Féiniúlacht agus Muintearas*, *Cumarsáid*, *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*

*Treoirlínte le haghaidh an dea-chleachtais*: *Tacú le foghlaim agus forbairt trí mheán an mheasúnaithe* (lgh. 72-102)

**Caighdeáin *Síolta***

1: Cearta an Pháiste, C1.1, 1.2, 1.3

6: Súgradh, C6.7

7: Curaclam, C7.2, 7.6

Irisí Coimriúcháin Taighde a bhaineann

## Cad é an rud curaclam éiritheach atá bunaithe ar fhiosrú?

Moltar in *Aistear* agus *Síolta* **curaclam éiritheach atá bunaithe ar fhiosrú** a fhorbairt. Tugtar curaclam **'éiritheach'** ar an gcineál seo curaclaim **mar bíonn éabhlóid ann de réir mar a dhéanann na páistí[1] roghanna agus naisc agus iad ag taiscéaladh an domhain thart orthu**. Tá beim ar fhoghlaim stiúrtha ag an bpáiste. Bíonn an cleachtóir agus na páistí araon ag rialú na foghlama agus is iad gníomhartha, machnamh, súgradh, smaointe agus comhráite na bpáistí atá mar bhunús leis an gcuraclam. Sa chineál seo curaclaim, bíonn suimeanna, ceisteanna agus eispéiris na bpáistí agus na gcleachtóirí mar thúsphointí do phleanáil an churaclaim. In amanna, tagann topaicí chun cinn mar gheall ar shuimeanna na bpáistí. Uaireanta eile, tugann na cleachtóirí topaicí ar leith isteach chun tacú le foghlaim agus forbairt na bpáistí agus bíonn nasc ann le téamaí Aistear.

I bpáirtnéireacht leis na páistí, aithníonn na cleachtóirí smaointe nó ceisteanna agus bíonn siad sin mar fhócas san fhoghaim. Bíonn an teagmháil a bhíonn ag páistí le daoine, le hábhair agus le smaointe agus an taithí a fhaigheann siad ar imeachtaí mar spreagthach a mhúsclaíonn fiosracht agus fonn foghlama iontu. Éiríonn le cleachtóirí a bhíonn ag breathnú go grinn agus atá sciliúil, tacúil spéiseanna agus fonn fiosraithe páistí a cheapadh. Bíonn a fhios acu cén uair atá sé oiriúnach deiseanna agus topaicí nua a thabhairt isteach go dtig le páistí taiscéaladh

[1] Is téarma ginearálta é 'páiste' a chuimsíonn babaithe, lapadáin agus páistí óga (breith go 6 bliana d'aois)..

a dhéanamh nó spéiseanna an duine fhásta a úsáid mar spreagthach don fhoghlaim d'fhonn curaclam ábharthach, fiúntach, spreagúil a chruthú do gach páiste.

Féadfaidh sé nach mbeidh suim ag páistí ach amháin sna rudaí a bhfuil taithí acu orthu agus d'fhéadfadh sé sin srian a chur orthu. Bíonn an cleachtóir a bhíonn ag breathnú go grinn ag tógáil ar shuimeanna páistí agus ag tarraingt ar a (h)eolas féin, agus cuireann sé nó sí spéiseanna ionchasacha úra i láthair na bpáistí freisin lena fheiceáil an mbeidh siad fiosrach fúthu. Is ar an spéis seachas ar fhoinse na spéise sin atá an fócas.

## Cén bhrí atá le 'éiritheach' i gcomhthéacs curaclaim?

Ciallaíonn 'éiritheach' go dtagann an curaclam as na páistí agus as na heispéiris a bhíonn acu ina gcomhthéacs áirithe féin. Curaclam freagarthach atá ann a fhorbraíonn nuair a úsáideann cleachtóirí sciliúla suimeanna páistí agus a spéiseanna agus a n-eispéiris reatha mar thúsphointe do phleanáil an churaclaim agus nuair a thógann siad ar na spéiseanna agus ar na heispéiris sin. Tá deiseanna foghlama sa phobal áitiúil ríthábhachtach sa chineál seo curaclaim. Cé go mbíonn *Aistear* agus *Síolta* mar bhunchloch na gcleachtas atá ag suíomhanna in Éirinn, beidh difear mór idir na heispéiris churaclaim a chuirtear ar fáil i gcuraclam éiritheach do pháistí atá ina gcónaí i gceantar tuaithe i dTiobraid Árann agus dóibh siúd i lár chathair Bhaile Átha Cliath! Tá an cineál seo curaclaim **an-uileghabhálach agus freagraíonn sé do gach páiste agus dá réimsí spéise, cúlraí agus cultúir éagsúla**.

Éist leis an Ollamh Nimmo ag míniú an téarma 'curaclam éiritheach'.

## Cén bhrí atá le 'bunaithe ar fhiosrú' i gcomhthéacs curaclaim?

Le curaclam atá bunaithe ar fhiosrú, tugtar tacaíocht do pháistí a smaointe agus a spéiseanna a fhiosrú trí chuid mhór eispéireas, comhráite agus/nó gníomhaíochtaí. I gcuraclam bunaithe ar fhiosrú, is taighdeoir é nó í gach páiste a bhíonn rannpháirteach sa phróiseas fiosruithe. D'fhéadfadh na fiosruithe


Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

maireachtáil laethanta nó seachtainí fada, nó b'fhéidir go dtiocfadh deireadh leo go mear dá dtiocfadh fiosrúchán úr chun cinn. D'fhéadfadh an fiosrú atá leagtha ar leataobh teacht chun cinn arís, ach b'fhéidir nach n-éireodh sé arís ar chor ar bith!

Éist leis an Ollamh Nimmo ag míniú an téarma 'curaclam atá bunaithe ar fhiosrú'.

## Curaclam éiritheach atá bunaithe ar fhiosrú a thógáil

Cé go mbíonn spéiseanna a éiríonn ó na páistí úsáideach agus pleanáil á déanamh, is bealach é an cur chuige atá bunaithe ar fhiosrú le dul i ngleic leis na topaicí seo agus iad a fhorbairt. I dtéarmaí simplí, baineann forbairt curaclaim éirithigh le **CAD É a bheidh na páistí ag déanamh**, agus míníonn an cur chuige bunaithe ar fhiosrú **CONAS a dhéanfaidh siad é**. Tá 'fiosrú' ar cheann de na bealaí atá ag an duine fásta chun tacú le haistear foghlama an pháiste mar fhreagairt ar shuim ar leith atá curtha in iúl ag an bpáiste sa chéad dul síos. Cuideoidh curaclam éiritheach atá bunaithe ar fhiosrú le gach páiste foghlaim agus forbairt ar dhóigh fhiúntach, théagartha. Bíonn cleachtóirí a bhíonn ag breathnú go grinn ag dearadh curaclam do bhabaithe agus do lapadáin bunaithe ar mheascán gnéithe: caidrimh chothaitheacha, córais chúraim agus an timpeallacht. Tugann an duine fásta faoi deara cad é a bhíonn ar siúl ag na naíonáin agus ag na lapadáin agus cad iad a gcuid spéiseanna, scileanna, cumas agus claonta. Bíonn idirghabhálacha ag tarlú i gcomhthéacs caidrimh chothaitheacha agus is minic córais chúraim mar ghnéithe de na caidrimh sin – is é sin beathú, codladh agus fáilte a chur roimh an mbabaí nuair a thagann sé nó sí chuig an suíomh. Bíonn babaithe cumasach i mbun cumarsáide. Cuireann siad teachtaireachtaí in iúl trí chomharthaíocht choirp, trí fhuaimeanna agus trí leideanna neamhbhriathartha. De réir mar a fhásann agus a fhorbraíonn siad, agus iad in ann gluaiseacht thart níos mó, tig leo tuilleadh taiscéaladh fisiciúil a dhéanamh mar aon le bheith ag dreapadóireacht, ag tógáil, ag léim agus ag fágáil marcanna. Déanann siad taiscéaladh ar a dtimpeallacht trí acmhainní neamhiata a láimhseáil agus trí uigeachtaí agus ábhair chéadfacha a fhiosrú. De réir mar a fhásann naíonáin ina lapadáin, éiríonn siad níos feasaí ar dhaoine eile ina dtimpeall. Is maith leo aithris a dhéanamh ar rudaí atá feicthe acu déanta ag daoine eile agus tá deiseanna


Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

ag teastáil uathu le heispéiris a bheith acu arís agus arís eile. Tosaíonn siad ag déanamh cairdis freisin. Tá na caidrimh, na córais chúraim, na heispéiris, na scileanna feabhsaitheacha agus an fheasacht shóisialta go léir mar dhúshraith ar a bhforbóidh cleachtóir sciliúil curaclam éiritheach atá bunaithe ar fhiosrú.

De réir mar a fhásann lapadáin ina bpáistí óga, tá scileanna agus cumais níos fearr acu, rud a ligeann dóibh taiscéaladh níos fócasaithe a dhéanamh. Bíonn réimse de shuimeanna, comhráite, ceisteanna, breathnuithe, gríosuithe/spreagthaigh agus tarluithe spontáineacha mar ábhar spéise féideartha a bhféadfaí iad a thaiscéaladh tuilleadh mar chuid de churaclam éiritheach atá bunaithe ar fhiosrú.

**Caithfear ligean do pháistí a gceisteanna féin a fhiosrú** go hiomlán gan aon srian ama. I gcás páistí, ní mhairfidh cuid dá dtaiscéaladh agus dá dtograí ach roinnt nóiméad, ach mairfidh cuid eile seachtainí nó míonna féin. Is cuma cad é atá i gceist – tochailt le teacht ar phéisteanna, turas chuig an ollmhargadh áitiúil nó domhantarraingt a fhiosrú agus carranna ag rolláil síos rampa – tá tábhacht le gach eispéireas agus is minic a bhíonn sé níos fearr arís nuair a bhíonn cleachtóir díograiseach, sciliúil ag obair i gcomhar leis na bpáistí le tuilleadh eolais agus tuiscint níos fearr a fháil. In amanna, beidh gá le smaointe na bpáistí a shoiléiriú nó lena ndúshlán a thabhairt: mar shampla, a dtuiscint nach dtig le buachaillí dul isteach san áit súgartha atá bunaithe ar an mbaile agus nach dtig le cailíní bheith ina bpíolótaí, rudaí a breathnaítear in amanna agus na páistí i mbun súgartha! Ina leithéid de chás, beidh ról ar leith ag an gcleachtóir chun cuidiú le páistí tuilleadh eolais a fháil agus teacht ar thuiscint níos fearr. Tá an cineál seo curaclaim solúbtha agus baintear úsáid as freagairtí na bpáistí ar eispéiris, lena n-áirítear a bheith ag foghlaim óna gcuid míthuiscintí. Caithfear féachaint chuige, áfach, nach é nó í an cleachtóir atá ag stiúradh an fhiosraithe ná nach bhfuil sé róstruchtúrtha.

- Éist leis an Ollamh Nimmo ag míniú conas curaclam éiritheach atá bunaithe ar fhiosrú a fhorbairt le haghaidh babaithe agus lapadán (breith go 3 bliana d'aois).
- Éist leis an Ollamh Nimmo ag míniú conas curaclam éiritheach atá bunaithe ar fhiosrú a fhorbairt le haghaidh páistí óga (3-6 bliana d'aois).
- Éist leis an Ollamh Nimmo ag míniú conas úsáid a bhaint as curaclam éiritheach atá bunaithe ar fhiosrú i gcomhar le fealsúnachtaí eile curaclaim.

## Na príomhghnéithe de churaclam éiritheach atá bunaithe ar fhiosrú

- Aithne mhaith a chur ar gach páiste/teaghlach/pobal ar leith.
- A thuiscint go bhfuil spéiseanna, cumais, eolas agus claonta difriúla ag páistí.
- Ag éisteacht le páistí, go háirithe lena gceisteanna agus lena gcomhráite. Cumarsáid neamhbhriathartha agus comharthaíocht choirp páistí a thuiscint.
- An tsuim/an cheist atá ag páiste/páistí a aithint agus freagairt a thabhairt agus tógáil air sin.
- A fháil amach cad é atá ar eolas ag an bpáiste/na páistí cheana féin agus cad é a shíleann siad – trí bhreathnú agus trí cheisteanna neamhiata a chur.
- Páistí a spreagadh lena spéis/gceist a chur in iúl, mar shampla, trí rud a thógáil, rud a insint, marc a fhágáil, grianghraf a tharraingt.
- An timpeallacht fhisiciúil a ullmhú sa dóigh go mbeidh cuid mhór ábhar neamhiata, scaoilte ar fáil.
- Meas a léiriú ar an súgradh agus ar chaidrimh.
- Oibriú chun tuiscint páistí a dhoimhniú agus chun teacht ar fhreagraí ar a gceisteanna. Mar shampla, taighde a dhéanamh i leabhair nó ar an idirlíon le tuilleadh eolais a fháil; aíonna a thabhairt isteach le foghlaim faoina gcuid oibre; turas a phleanáil; réimse leathan acmhainní a sholáthar a ligfidh don pháiste a dtuiscint, atá i bun forbartha, a chur in iúl.
- Úsáid a bhaint as spéiseanna an pháiste mar thacaíocht dá f(h)oghlaim agus dá f(h)orbairt.
- Úsáid a bhaint as spriocanna foghlama *Aistear* le deiseanna ar an láthair chun an bhfoghlaim a leathnú a aithint: mar shampla, gné dhúshlánach a thabhairt isteach sa súgradh, nóta a dhéanamh faoin bpáiste a mbeadh tacaíocht bhreise de dhíth air nó uirthi, nó focal nua a thabhairt.
- Treonna nua a chlárú de réir mar a tharlaíonn siad, pleananna a dhéanamh agus pleananna atá déanta cheana féin a oiriúnú, a bheith i gcónaí solúbtha i do dhearcadh mar bíonn spéiseanna ag athrú.
- Eolas a bhailítear a chlárú agus úsáid a bhaint as.
- In éineacht le páistí, machnamh a dhéanamh ar an méid atá faighte amach acu agus labhairt leo faoi.
- An curaclam a chomhroinnt le daoine eile agus a bheith ag obair i bpáirtíocht le tuismitheoirí.

## Déanamh de réir suimeanna páistí

**Ní féidir pleanáil le haghaidh gach spéis atá ag páistí ná freagairt dóibh.** Aithneoidh an cleachtóir sciliúil cad iad na spéiseanna ar fiú iad a leathnú agus a chomhroinnt le daoine eile d'fhonn foghlaim agus forbairt na bpáistí uile a uasmhéadú. Tá roinnt freagairtí fóirsteanacha ann chun spéiseanna indibhidiúla páistí a aithint:

- tabhair an spéis faoi deara nó tabhair le fios go n-aithníonn tú í trí rud éigin a rá faoi, ceist a chur nó grianghraf a tharraingt.
- cuir acmhainní breise ar fáil leis an méid

atá ag tarlú cheana féin a leathnú; mar shampla, má spéis le páiste eitleáin, thiocfadh leat eitleáin bhréige, leabhair faoi eitleáin (ficsean agus neamhfhicsean), déghloiní nó póstaeir a bhfuil cineálacha éagsúla eitleán orthu a chur ar fáil. Is fiú taighde a dhéanamh ar an spéis le chéile freisin agus an téarmaíocht úr a bhaineann léi a thabhairt isteach e.g. sciatháin, ruball, inneal, píolóta, criú, eitiltí ag imeacht agus ag teacht isteach.

- b'fhéidir go mbeadh an spéis a léirítear mar thúsphointe d'eispéireas foghlama níos mó bunaithe ar fhiosrú a bhfuil grúpa páirteach ann, mar is bealach úsáideach é fiosrú le curaclam éiritheach a fhíorú nó a chur chun cinn. D'fhéadfadh roinnt snáitheanna fiosraithe éagsúla teacht as an mbunspéis. Níl deireadh leis na féidearthachtaí!

**Nuair atá spéis/smaoineamh á roghnú agat lena fhorbairt tuilleadh, smaoinigh ar na ceisteanna seo a leanas:**

- Cad iad na féidearthachtaí foghlama a bhaineann leis an spéis/smaoineamh?
- An mbeadh sé tarraingteach do pháistí eile nó don ghrúpa iomlán?
- Cén nasc atá aige leis na heispéiris foghlama eile atá á gcur ar fáil?
- Conas a d'fhéadfadh sé an fhoghlaim atá déanta ag na páistí cheana féin nó an fhoghlaim atá ar siúl acu faoi láthair a dhaingniú?
- Cad é an nasc a bheadh aige le téamaí, aidhmeanna agus spriocanna foghlama *Aistear*?

## Ról na ndaoine fásta i gcuraclam éiritheach atá bunaithe ar fhiosrú

Tá spontáineacht agus freagrúlacht an chleachtóra an-tábhachtach i gcuraclam éiritheach atá bunaithe ar fhiosrú. Bíonn an duine fásta réidh le freagairt nuair a thagann deiseanna chun cinn le tógáil ar spéiseanna agus ceisteanna páistí. Bíonn an cleachtóir mar éascaitheoir; bíonn sé nó sí ag tabhairt faoi deara **cad é a bhfuil an páiste fiosrach faoi** agus **cuireann sé nó sí an páiste ar a c(h)umas tuilleadh a fháil amach**.


Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Le **heolas agus tuiscint chuimsitheach ar théamaí, aidhmeanna agus spriocanna foghlama *Aistear***, tig leis an gcleachtóir deiseanna a aithint ar an láthair le comhrá a leathnú, smaoineamh úr a thabhairt isteach, taiscéaladh níos doimhne a dhéanamh ar fhadhb atá á réiteach, nó focal nua, suimiúil a chomhroinnt. Tá eolas gairmiúil agus scil oideolaíochta an chleachtóra an-tábhachtach le go mbeidh sé nó sí in ann déanamh amhail i gcás gach páiste i gcuraclam éiritheach atá bunaithe ar fhiosrú. **Tig le páistí ciall a bhaint as eispéiris le treoir ón gcleachtóir agus is féidir lena gcuid súgartha éirí níos casta agus níos uileghabhálaí**.

Bíonn an cleachtóir mar **eiseamláir ó thaobh meon dearfach i leith na foghlama** a léiriú, lena n-áirítear suim san fhiosrú agus fiosracht, úsáid na samhlaíochta a spreagadh agus comhthéacsanna éagsúla foghlama a chur ar fáil – deiseanna indibhidiúla, obair i bpéirí, grúpaí beaga agus, ní chomh minic céanna, grúpaí móra. De réir mar a fhorbraíonn páistí, is maith an rud é a bheith ag comhoibriú i bpéirí agus i ngrúpaí beaga mar bíonn deis ag páistí labhairt, critic a dhéanamh, ceisteanna a chur, comparáidí a dhéanamh, idirbheartaíocht a dhéanamh agus fadhbanna a fhuascailt. Is féidir spéiseanna agus teanga páistí a leathnú trí scéalta agus plé, agus tá sé tábhachtach iad a chur ar an eolas faoi choincheapa matamaiticiúla agus eolaíochtúla amhail uimhir, cruth, tomhas agus a leithéid. Is dóchúla go mbeidh siad in ann níos mó céille a bhaint as seo más féidir é a nascadh le rudaí a bhfuil spéis ag na páistí iontu cheana féin nó a bhfuil taithí acu orthu.

Éist leis an Ollamh Nimmo labhairt faoi ról an duine fhásta i gcuraclam éiritheach atá bunaithe ar fhiosrú.

## Cén ról atá ag súgradh stiúrtha ag an bpáiste sa chineál seo curaclaim?

**Tá an súgradh lárnach i gcuraclam éiritheach atá bunaithe ar fhiosrú.** Le gurb iad na páistí i ndáiríre a tionscnóidh é, ní mór gurb iad féin a roghnóidh agus a eagróidh na heispéiris. Aimsíonn páistí ceisteanna agus fadhbanna le réiteach ina súgradh, go háirithe nuair is súgradh stiúrtha ag an bpáiste nó súgradh saor atá ann. Sa chás sin, tig le páistí a roghnú cad é ba mhaith leo a dhéanamh agus a bheith ag foghlaim ar a luas féin. **Tá cúrsaí ama ríthábhachtach** mar bíonn méid ama suntasach de dhíth ar pháistí lena súgradh a fhorbairt gan cur isteach. Bíodh siad amuigh ag triail rudaí le láib nó istigh sa domhan beag, ag súgradh leis an uisce nó leis an ngaineamh, ag déanamh ealaíne nó ag ligean orthu, tá páistí ag fiosrú na rudaí a spéis acu féin iontu agus an


Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

dóigh a bhfeidhmíonn an domhan.

- Éist leis an Ollamh Wood labhairt faoi go leor ama a chur ar fáil don súgradh.
- Éist leis an Ollamh Nimmo labhairt faoin súgradh agus curaclam éiritheach atá bunaithe ar fhiosrú.
- Éist leis an Ollamh Wood labhairt faoina bheith ag tacú le dul chun cinn sa súgradh.

Tá deiseanna chun súgradh atá rud beag contúirteach, eachtrúil an-tábhachtach i gcuraclam éiritheach atá bunaithe ar fhiosrú. Bíonn an cleachtóir ag breathnú agus ag éisteacht le gnéithe éagsúla de shúgradh na bpáistí (taobh amuigh agus taobh istigh) agus de na heispéiris a bhíonn acu agus cláraíonn sé nó sí iad; chomh maith leis sin d'fhéadfadh an cleachtóir cuidiú leis na páistí a bhfiosrú a fhorbairt ina thionscadal nó ina fhiosrúchán fadtéarmach, nó b'fhéidir nach ndéanfadh sé nó sí amhlaidh ar chor ar bith. Mar shampla:

- Leabhar scéalaíochta faoi lachain a léamh, ansin eolas a fháil ar lachain i leabhair neamhfhicisin agus dul chuig an bpáirc le bia a thabhairt do lachain.
- Féadfaidh na páistí a súgradh a fhorbairt mar ghné de thionscadal nó de ghníomhaíocht eagraithe ag an gcleachtóir; mar shampla, b'fhéidir go bhforbródh gníomhaíocht scuabadh fiacla mar ullmhúchán do chuairt ón bhfiaclóir ina rólimirt faoi dhul isteach i gclinic an fhiaclóra. D'fhéadfadh cur greimlín ar chraiceann scríobtha a bheith ina spreagthach le haghaidh gníomhaíochtaí súgartha éagsúla le greimlíní. D'fhéadfaí greimlíní a thabhairt do lapadáin go bhfiosródh siad iad nó go ngreamóidís ar bhábóg iad go bhfeicfeadh siad cad é a tharlódh.
- Amharc ar an uirlis féinmheasúnaithe maidir le súgradh babaithe agus lapadán (breith go 3 bliana) agus le súgradh páistí óga (3-6 bliana) chun cuidiú leat tacú le súgradh páistí.

## Cén chuma atá ar an timpeallacht foghlama i gcuraclam éiritheach atá bunaithe ar fhiosrú?

Tá ról tábhachtach ag an timpeallacht i bhfoghlaim agus i bhforbairt páistí. Is cosúla gur géire fiosracht páistí i **dtimpeallacht atá lán íomhánna**, **comhráite**, **eispéireas**, **gríosuithe agus féidearthachtaí**. Bíonn réada agus gníomhaíochtaí suimiúla, spreagúla ar fáil mar aon le deiseanna le bheith ciúin agus machnamh a dhéanamh. Bíonn an timpeallacht deartha le freastal ar shuimeanna agus ar riachtanais na bpáistí.

**Bíonn ról gníomhach ag an gcleachtóir ó thaobh timpeallacht a dhearadh agus a ullmhú** agus spreagfaidh sé páistí le smaoineamh ar spéiseanna nua agus le fiosruithe nua a dhéanamh. Bíonn limistéir éagsúla sa timpeallacht agus tig le páistí ábhair atá inrochtana dóibh ag a leibhéal féin a

roghnú. Bíonn cuid mhór ábhair neamhiata nó scaoilte ann ar féidir le páistí iad a úsáid ar cibé dóigh is fearr leo féin. Mar shampla, is féidir páistí a ghríosú ina gcuid smaointeoireachta agus deiseanna le haghaidh súgradh níos casta a leathnú ach ábhair mar chlocha, adhmad agus daoine domhain bhig a chur ann.

Tá an **timpeallacht nádúrtha amuigh** an-tábhachtach don churaclam éiritheach atá bunaithe ar fhiosrú. Spreagann locháin, láib, carraigeacha agus craobhóga spéis na bpáistí agus bíonn siad ag iarraidh bheith i dteagmháil leo. Mura bhfuil a leithéid i do spásanna amuigh cheana féin, smaoinigh ar dhóigheanna a bhféadfaí iad a thabhairt isteach agus gabh ar thurais phleanála go rialta chuig an bhforaois/coill áitiúil ionas gur féidir le páistí a bheith i dteagmháil leis an dúlra.

Bealach maith é le suimeanna páistí a leathnú is ea spreagthaigh/gríosuithe éagsúla, spéisiúla a chur ar fáil dóibh. Is é is spreagthaigh/gríosuithe ann **rudaí a mhúsclaíonn fiosracht an pháiste agus smaointe**, **naisc agus gníomhartha nua**. Tig le hábhair neamhiata atá ar taispeáint ar dhóigh tharraingteach, eagraithe a bheith ina spreagthaigh a mhúsclóidh suim an pháiste. Mar shampla:

- I gcás babaithe agus lapadán (breith go 3 bliana), seo a leanas samplaí d’ábhair agus de réada a bheadh fóirsteanach mar ghríosuithe a d’éascódh eispéiris chéadfacha: lapadáin a bheith ag fiosrú leaca oighir/seaca/sneachta; boladh a chur le píosaí éadaigh, mar shampla ola oráiste, líomóin, almóinne, fanaile agus lus an phiobair; torthaí citris a ghearradh ina bpíosaí beaga agus ligean do na páistí iad a fhiosrú, mar shampla liomón, oráiste, seadóg, líoma, satsúma; nó ábhair nádúrtha le huigeachtaí, cruthanna, dathanna agus patrúin éagsúla a chur ar taispeáint le haghaidh babaithe, mar shampla clocha agus réada adhmaid i gciseáin taisce. Féach an físeán seo le haghaidh tuilleadh eolais agus faigh an bhileog leideanna anseo.



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

- I gcás páistí óga (3-6 bliana), thiocfadh dó gur rud simplí a bheadh sa spreagthach nó sa ghríosú, amhail grianghraf de chaisleán áitiúil agus ábhair thógála i gciseán in aice leis. Féadfaidh an grianghraf na páistí a ghríosú leis an gcaisleán a phlé, mar shampla cá háit a bhfuil sé, agus iad a spreagadh lena gceann féin a thógáil. Sampla de ghríosuithe níos casta is ea boscaí solais ar mhaithe le taiscéaladh le solas agus scáthanna. Tá tuilleadh eolais le fáil faoi ghríosuithe san fhíseán seo.

Éist leis an Ollamh Nimmo labhairt ar fhoinsí eile den churaclam éiritheach atá bunaithe ar fhiosrú

Amharc ar an uirlis féinmheasúnaithe faoi thimpeallacht foghlama istigh agus amuigh do bhabaithe agus lapadáin (breith go 3 bliana) agus do pháistí óga (3-6 bliana).

## Pleanáil agus measúnú i gcuraclam éiritheach atá bunaithe ar fhiosrú

Chun curaclam éiritheach atá bunaithe ar fhiosrú a chruthú, caithfidh an cleachtóir am a chaitheamh ag breathnú agus ag clárú suimeanna, fiosruithe agus teoiricí na bpáistí agus úsáid a bhaint as an eolas sin le pleanáil a dhéanamh.

Caitear am ar dhá rud: deiseanna foghlama a phleanáil agus an méid atá déanta agus foghlamtha ag páistí a chlárú mar fhianaise ar a bhfoghlaim. Tá an dá phróiseas seo nasctha lena chéile.  Is féidir leis an gclárú cuidiú le páistí freisin machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama agus féadfar sin a chomhroinnt le daoine eile, tuismitheoirí agus baill eile foirne ina measc.

Tá tábhacht leis an bpleanáil don súgradh agus don fhoghlaim, ach tá sé ríthábhachtach freisin a bheith solúbtha i dtaca le pleananna agus freagairt ar shuimeanna agus ar fhiosruithe páistí. Sa phleanáil, glactar san áireamh an éiginnteacht atá mar dhlúthchuid de shuimeanna agus de shúgradh páistí. Tá sé tábhachtach don fhoireann úsáid a bhaint as teimpléad pleanála meántéarmach chun tobsmaoineamh a dhéanamh ar dheiseanna ionchasacha foghlama atá neamhiata, agus tuairim a bheith acu cén treo a rachaidh cúrsaí. Sa dóigh sin, ní hé nó hí an cleachtóir atá ag cur na bhfreagraí uile ar fáil; is amhlaidh atá sé nó sí mar threoraí a chuidíonn leis na páistí theacht ar a bhfreagraí féin. Ní hé nach bhfuil pleanáil i gceist leis an gcineál seo curaclaim ach oiread; tá rún taobh thiar de gach rud a dhéanann tú ó thaobh tacú le spéiseanna, ceisteanna agus smaointe na bpáistí. Cuidíonn na rudaí uile seo a leanas leis na páistí foghlaim conas foghlaim agus meon dearfach i leith na foghlama a fhorbairt: an timpeallacht a chruthaíonn tú le cuid mhór ábhar neamhiata,


Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

suimiúla; na ceisteanna a chuireann tú ar pháistí agus na fadhbanna a chuireann tú faoin mbráid; agus an cháipéisíocht a thaispeánann tú do na páistí gur féidir leo teacht ar ais chuig a gcuid smaointe.

Éist leis an Ollamh Nimmo ag plé na rudaí seo a leanas: pleanáil, clárú agus eolas atá bailithe a úsáid i gcuraclam éiritheach atá bunaithe ar fhiosrú.

Is féidir amharc ar chuid de na hacmhainní eile sa Treoir Chleachtaidh atá mar thacaíocht don phleanáil agus don chlárú ach cliceáil ar na naisc thíos nó logáil isteach ar www.aistearsiolta.ie

- Bileog leideanna maidir le foghlaim agus forbairt páistí a chlárú
- Leabhrán Eolais: Pleanáil d'fhoghlaim agus d'fhorbairt páistí agus iad a mheasúnú (breith go 6 bliana)
- Bileog theimpléid don phleanáil fhadtéarmach
- Teimpléad de thaifead foghlama le samplaí do bhabaithe, lapadáin agus páistí óga.



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland